

Réamhrá

Tá sé mar aidhm ag StudentSurvey.ie, nó chun an t-ainm iomlán a úsáid, Suirbhé na hÉireann ar Rannpháirtíocht na Mac Léinn, a iarraidh ar mhic léinn ag staideanna éagsúla den ardoideachas, a gcuid taithí san ardoideachas a roinnt linn. Úsáidtear freagraí ó mhic léinn i ngach institiúid chun gníomhaíochtaí feabhsúcháin a threorú laistigh den institiúid sin. Cuirtear tacair shonraí náisiúnta le chéile freisin chun plé ar pholasaithe náisiúnta a threorú.

Tá meas ag StudentSurvey.ie ar do phríobháideachas agus tugtar aitheantas don ghá atá le do sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach cothrom agus dleathach i gcomhréir leis na rialacha dlíthiúla atá leagtha amach sa Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (GDPR) agus san Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Prionsabal lárnach de StudentSurvey.ie is ea rúndacht na mac léinn. Tabhair faoi deara nach ndéanfaimid, StudentSurvey.ie, próiseáil ar bith ar do sonraí pearsanta mar chuid de do rannpháirtíocht i Suirbhé na hÉireann ar Rannpháirtíocht Mac Léinn. Mar sin féin, toisc go bhfuil StudentSurvey.ie freagrach as reáchtáil an tsuirbhé a bhainistiú, tá an Ráiteas Príobháideachta seo ullmhaithe agus curtha ar fáil againn lena chinntiú go bhfuil tú ar an eolas go hiomlán maidir le conas a phróiseáiltear do sonraí pearsanta agus tú ag glacadh páirte sa suirbhé agus cad iad na sonraí atá ann. ar fáil i ndáiríre do StudentSurvey.ie.

Le haghaidh tuilleadh eolais ghinearálta ar an gcaoi a bhfeidhmíonn StudentSurvey.ie, féach ar an bhfógra Eolais [ANSEO](#).

Cad iad na sonraí a bhailímid?

Mar mhac léinn, tugann tú sonraí pearsanta don institiúid ina bhfuil tú cláraithe. Roinnfidh an institiúid ina bhfuil tú cláraithe cuid de do sonraí pearsanta leis an gcuideachta shuirbhé chun cur ar do chumas tabhairt faoin suirbhé.

Déanfaidh d'institiúid an t-eolas seo a leanas a aistriú go slán chuig an gcuideachta shuirbhé faoi gach mac léinn a dtabharfar cuireadh dó/di an tsuirbhé a líonadh:

- Céadainm an mhic léinn (roghnach) [a déanfar a bhaint sula gcuireann comhlacht an tsuirbhé na sonraí ar fáil]
- Aonad Acadúla 1 (scoil, coláiste, nó a choibhéis; roghnach)
- Aonad Acadúla 2 (roinn, dámh, nó a choibhéis; roghnach)
- Aonad Acadúla 3 (roinn, dámh, nó a choibhéis; roghnach)
- Aonad Acadúla 4 (roinn, dámh, nó a choibhéis; roghnach)
- Ríomhphost an mhic léinn [déanfar é a bhaint sula gcuireann comhlacht an tsuirbhé na sonraí ar fáil]
- Uimhir aitheantais an mhic léinn [déanfar é a bhaint sula gcuireann comhlacht an tsuirbhé na sonraí ar fáil]

- Cód na hinstitiúide
- Cód an chúrsa
- Dáta breithe an mhic léinn
- Inscne an mhic léinn – a rangáitear mar fhireannach, baineannach, nó neamhfhógartha (lena n-áirítear na roghanna inscne neamh-dhénártha agus b'fhearr liom gan a rá araon)
- Cód an mhic léinn – a rangáitear mar iarrthóir nua, athchláraithe, bliain a dhéanamh arís, nó aistriú ó chúrsa/institiúid eile
- Modh an staidéir – a rangáitear mar lánaimseartha, páirtaimseartha, cianfhoghlaim, ríomhfhoghlaim, nó oiliúint le linn na hoibre
- Clár Acadúil – a rangáitear mar Chúrsa Fochéime, Cúrsa Fochéime Onóracha, Diplóma Fochéime, Teastas Fochéime, Diplóma Iarchéime, Teastas Iarchéime, nó Máistreacht Mhúinte (Iarchéime)
- Rangú Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann den chlár/leibhéal staidéir – a rangáitear mar Ardteastas ó Chomhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oilíúna agus IT BÁC/ Sainteastas (Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oilíúna), Gnáthchéim Baitsiléara, Céim Onóracha Baitsiléara/Ard-Diplóma, Céim Onóracha Baitsiléara/Ard-Diplóma, nó Céim Máistir/Iarchéim
- Freastal Neamhchaighdeánach – a rangáitear mar categorised as Cláraithe ach amháin do scrúdúithe, Cáilitheoir Iarchéime, Ar Cuairt/Ócáide/Téarmaí JYA 1, Ar Cuairt/Ócáide/Téarmaí JYA 2, nó Ar Cuairt/Ócáide/Téarma JYA Bliain Iomlán
- Malartú – a rangáitear mar Erasmus/Clár Foghlaim ar feadh an tsaoil ag dul amach, nó Malartú eile ag dul amach
- Teideal an chúrsa
- Réimse Staidéir – rangáitear an cúrsa i gceann amháin de na catagóirí ó Aicmiú Caighdeánach Idirnáisiúnta ar an Oideachas
- Bliain Staidéir an mhic léinn
- Baile Dúchais an mhic léinn – tír bhreithe / an áit a raibh an mac léinn ag cur fúthu sula tháinig siad go hÉirinn
- Contae an mhic léinn – seoladh reatha de réir an chontae i gcás go bhfuil Éire i gceist
- Cód poist an mhic léinn – iarrtar tuilleadh eolais maidir leis an gcód poist má tá Baile Átha Claith i gceist
- Bonn iontrála – a rangáitear mar scrúduithe fágála na meánscoile, Dámhachtain Breisoideachais nó a choibhéis (e.g. BTEC), Dámhachtain san ardoideachas roimhe seo (e.g. le haghaidh dul chun cinn go leibhéal NQF níos airde nó cúrsaí Iarchéime), Iontráil Ardleibhéil (e.g. go dtí an 2ú bliain), cúrsa Rochtana/Bunús, DARE, HEAR, Bealaí Rochtana Eile, Bealach Iontrála Dírí, Blianta Aibí, Aitheantas ar Fhoghlaim Roimhe Seo (RPL), Punann/Éisteacht agus riachtanas iontrála acadúil, Printíseacht (cáilíocht printíseachta mar bhonn iontrála don chúrsa a bhfuil siad ag clárú dó

Nuair a líonann tú an suirbhé, déantar do chuid freagraí a shábháil go rialta. Ligeann sé seo duit cuid den suirbhé a líonadh ag aon am amháin agus é a chríochnú ag am eile. Éascaíonn sé freisin bailiú sonraí fiú mura gcríochnaíonn tú an suirbhé.

Baineann an chuideachta suirbhé amach faisnéis inaitheanta (ainm, uimhir mac léinn agus tá an dáta breithe teoranta do bhliain amháin) agus sannann gach mac léinn aitheantas uathúil. Ansin cuireann an chuideachta suirbhé na sonraí seo chuig bainistíocht tionscadail StudentSurvey.ie le haghaidh tuilleadh seiceálacha cáilíochta. Tá na sonraí seo anaithnid toisc nach bhfuil rochtain ag bainistíocht tionscadail StudentSurvey.ie ar aon sonraí eile chun na torthaí a chomhcheangal le duine aonair a shainaithint. Ní ‘sonraí pearsanta’ iad sonraí gan ainm.

Ach!

Nuair a sheoltar na sonraí chuig d’institiúid ardoideachais, meastar go dleathach na sonraí a bheith **“pseudonymised”**. Is éard is brí le “pseudonymised” ná go bhfuil na torthaí gan ainm ach, dá ndéanfaí iad a chomhcheangal le roinnt sonraí eile atá ag d’institiúid, is beag seans go bhféadfaí duine a shainaithint.

Cuspóir agus bunús dlí le haghaidh próiseála

Táimid ag brath ar do thoiliú chun do shonraí pearsanta a phróiseáil. Tugann tú an toiliú seo don chuideachta shuirbhé nuair a aontaíonn tú páirt a ghlacadh sa suirbhé.

Is é cuspóir an tsuirbhé:

- Cur ar chumas Institiúidí úsáid a bhaint as torthaí an tsuirbhé chun taithí na ngrúpaí difriúla mac léinn a fhiosrú (mar shampla, mic léinn atá i mbun ábhair éagsúla/lánaimseartha nó páirtaimseartha) chun gníomhaíochtaí a threorú chun taithí a gcuid mac léinn a fheabhsú.
- Cur ar chumas Institiúidí agus aontais na mac léinn úsáid a bhaint as na torthaí chun cabhrú leo na rudaí atá ag obair go héifeachtach a aithint agus, freisin, conas is féidir leo feabhsú.
- Cur ar chumas na foirne lárnaí bainistíochta tionscadail tuarascáil a chur le chéile ar thorthaí StudentSurvey.ie ar bhonn bliantúil.
- Rochtain a sholáthar, ó am go ham, do thríú páirtí, e.g. taighdeoir, ar shonraí gan ainm a bailíodh trí StudentSurvey.ie chun críocha taighde. Déanann grúpa ardleibhéil ar a dtugtar Grúpa Stiúrtha StudentSurvey.ie, a dhéanann ionadaíocht ar na heagraíochtaí comhurraíochta agus ar na hinstitiúidí atá rannpháirteach i StudentSurvey.ie, gach ceann de na hiarratais seo a mheas. Breithneoidh an grúpa seo aon iarratas ar úsáid na sonraí, agus déanann siad machnamh i gcónaí ar spriocanna an tionscadail suirbhé náisiúnta nuair a dhéanann siad amhlaidh. I gcás ina nglactar le hiarratas, ní thabharfar ach sonraí gan ainm don tríú páirtí sin. Ciallaíonn sé seo nach mbeidh sé/sí in ann a fháil amach cén institiúid a raibh duine ar leith ag déanamh staidéir inti agus ní bheidh sé/sí in ann na freagraí a mheaitseáil le haon duine amháin.

- Beidh tacair shonraí gan ainm as StudentSurvey.ie stóráilte i gCartlann Sonraí Eolaíochta Sóisialta na hÉireann (ISSDA). Ní thugtar rochtain ach amháin tar éis iarratas scríofa a dhéanamh chuig ISSDA.

NÍ ÚSÁIDFEAR sonraí an tsuirbhé:

- chun aon mhac léinn amháin nó grúpa beag mac léinn a aithint
- le haghaidh margaíochta
- chun iad a dhíol
- chun iad a chur ar aghaidh chuig aon tríú páirtí gan toiliú Ghrúpa Stiúrtha StudentSurvey.ie.

Cé leis a roinnimid sonraí pearsanta?

Faigheann StudentSurvey.ie sonraí pearsanta gan ainm ón gcuideachta shuirbhé. Déanann StudentSurvey.ie athbhreithniú ar na sonraí seo chun críocha rialaithe cáilíochta.

Faigheann d’institiúid ardoideachais sonraí pearsanta pseudonymised ón gcuideachta suirbhé (tá an difríocht mínithe thuas) do na mic léinn go léir san institiúid ardoideachais sin a rinne an suirbhé.

I gcásanna áirithe, is féidir le StudentSurvey.ie torthaí an tsuirbhé a sholáthar do thríú páirtí (e.g. taighdeoir). I gcás ina nglactar le hiarratas ar rochtain ar na sonraí ó thríú páirtí, ní thabharfar ach sonraí gan ainm don tríú páirtí sin.

I gcásanna ina roinneann StudentSurvey.ie sonraí pearsanta, rachaidh sé i mbun comhaontú cosanta sonraí ábhartha chun a chinntiú go roinnfear na sonraí pearsanta de réir na reachtaíochta um chosaint sonraí.

Cé leis a roinnimid sonraí pearsanta?

Toisc nach ndéanaimid próiseáil ar aon sonraí pearsanta, ní aistrímid aon sonraí pearsanta thar lear freisin.

Is cuideachta sheachtrach shuirbhé (“cuideachta shuirbhé”) a bhfuil Conradh déanta ag an tÚdarás um Ardoideachas leis a dhéanann an suirbhé. Is cuideachta ar a dtugtar ETIO, atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe, an chuideachta atá ar Conradh faoi láthair chun an suirbhé a dhéanamh. Feidhmíonn an chuideachta shuirbhé faoi chonradh (mar Phróiseálaí Sonraí) leis an ÚAO.

Ó Breatimeacht, tá bearta cuí glactha ag lucht bainistíochta tionscadail StudentSurvey.ie chun a chinntiú go bhfuil cosaintí leordhóthanacha i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil aistriú do sonraí pearsanta i gcomhréir leis an reachtaíocht um chosaint sonraí. D’fhéadfadh go mbeadh gá le do chuid sonraí a aistriú lasmuigh den Limistéar Eorpach

Eacnamaíoch (LEE), ach amháin nuair a chomhlíonann sé Clásail Chaighdeánacha Conarthacha agus an Comhaontú Rúndachta idir an tÚdarás um Ardoideachas agus an chuideachta suirbhé.

Cá fhad a stórálfaimid do shonraí pearsanta?

Tá torthaí an tsuirbhé gan ainm ag StudentSurvey.ie go deo ar mhaithe le hanailís fhadtréimhseach agus chun críocha cartlainne ar mhaithe le leas an phobail agus chun críocha staitistiúla.

Conas a choinnímid do shonraí pearsanta slán?

Tá bearta riaracháin agus teicniúla réasúnacha cuí ag StudentSurvey.ie chun sonraí pearsanta a chosaint i gcoinne cailteanais, goid agus úsáid neamhúdraithe rochtain, úsáidí nó modhnuithe.

Do chearta:

Braitheann do chearta maidir leis na sonraí pearsanta atá againn fút ar na dlíthe is infheidhme i do thír chónaithe.

Má tá tú i do chónaí sa Limistéar Eacnamaíoch Eorpach (“LEE”), tá sé de cheart agat na nithe a leanas a iarraidh:

- eolas a thabhairt duit maidir le cé acu a bpróiseálfaimid do shonraí agus eolas a bhaineann lenár bpróiseáil, agus cóip de do shonraí a thabhairt duit;
- aon sonraí míchruinne a d'fhéadfadh a bheith againn fút a cheartú gan aon rómhoill;
- aon eolas neamhiomlán fút a chomhlánú;
- faoi chúinsí áirithe, do shonraí pearsanta a scriosadh gan aon rómhoill;
- faoi chúinsí áirithe, a bheith srianta ó do shonraí a phróiseáil; agus
- faoi chúinsí áirithe, na sonraí pearsanta a chuir tú ar fáil a thabhairt duit i bhformáid struchtúrtha, a úsáidtear go coitianta agus atá inléite ag meaisín.

Nuair a phróiseálfaimid do shonraí pearsanta ar bhonn do thoilite amháin, tá sé de cheart agat toiliú a tharraingt siar maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil. Tar éis duit an suirbhé a líonadh, má tá tú ag iarraidh do thoiliú a tharraingt siar ní mór duit dul i dteagmháil leis an gcuideachta shuirbhé ag info@studentsurvey.ie faoin 1 Bealtaine sa bhliain chéanna a dtugann tú faoin suirbhé.

Tá sé de cheart agat freisin gearán a dhéanamh le d'údarás maoirseachta um chosaint sonraí.

D'fhéadfadh feidhmiú na gceart thuas a bheith faoi réir coinníollacha áirithe agus d'fhéadfadh go dteastódh tuilleadh eolais uainn sula bhféadfaimis freagra a thabhairt ar d'iarratas.

Más mian leat do chearta a fheidhmiú maidir le do rannpháirtíocht sa suirbhé, cuir in iúl dúinn le do thoil trí theagmháil a dhéanamh linn ag info@studentsurvey.ie. Cabhróidh muid leat trí chomhairle a thabhairt duit maidir le conas do chearta a fheidhmiú.

Ceisteanna, teagmhálacha, ceart gearáin

Is féidir leat dul i dteagmháil le bainisteoir tionscadail StudentSurvey.ie ag info@studentsurvey.ie nó trí scríobh chuig StudentSurvey.ie, Bainisteoir Tionscadail, An tÚdarás um Ard-Oideachas, 3 Áras Shíol Bhroin, Ascaill Crampton, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 C2Y6. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh freisin le d'aontas mac léinn féin nó le hionadaí d'institiúide féin (féach www.studentsurvey.ie le fáil amach cé hé/hí sin).

Tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Cé go molaimid duit aon ábhair imní nó ceisteanna a phlé linn ar dtús, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifig sin ag info@dataprotection.ie nó trí scríobh chuig an gCoimisinéir Cosanta Sonraí, Teach na Canála, Bóthar an Stáisiúin, Cúil an tSúdaire, Co. Laoise. Tá eolas teagmhála ar fáil [ANSEO](http://www.anseo.ie). Má tá cónaí ort sa LEE, is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoi do chearta ag <https://www.dataprotection.ie>.